

**ABAIR LEAT  
HAVE YOUR SAY  
HAE YER SPAKE**  
THE **NEW IRELAND** IS FOR EVERYONE



# TIONÓL DAOINE PHORT LÁIRGE

**Tionól Pobail Phort Láirge  
Óstán an Tower  
12th Mí Deireadh Fomhair 2023**



**Sinn Féin**

[www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Chuir Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann ar bun i mí na Samhna 2021. Is é an sainchúram atá air ná dul i gcomhairle le muintir na hÉireann agus leis an bpobal go hidirnáisiúnta maidir le todhchaí na hÉireann. Bainfear é seo amach ar roinnt bealaí: trí Thionóil Phobail phoiblí a reáchtáil ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta; trí aighneachtaí i scríbhinn a bhailiú agus a chomhthiomsú; trí chruinnithe earnála a reáchtáil agus trí rannpháirtíochtaí príobháideacha a dhéanamh.

Cuirfear tuarascáil deiridh le chéile ag deireadh an tionscadail.

Is í seo tuairisc ó Thionól Pobail Phort Láirge a bhí ar siúl in Óstán an Tower ar an 12 Deireadh Fómhair 2023. Ba é seo an naoú imeacht dá leithéid a d'eagraigh an Coimisiún.

Labhair Teachta Dála Phort Láirge David Cullinane ag an gcruinniú thar ceann Shinn Féin.

Ba í an craoltóir agus an Comhairleoir Caidrimh Phoiblí Liz Reddy a bhí ina cathaoirleach air.

## Ba é an Painéal:

Catherine Ní Fhaoláin, Abhcóide Oideachais agus Meabhairshláinte

Irial Mac Murchú, Príomhfheidhmeannach Nemeton TV

Iar-Theachta Dála Neamhspleách do Phort Láirge agus an tAire, John Halligan

Tá físeán de Thionól Pobail Phort Láirge ar fáil ar Youtube:

Tá borradh faoi chúrsaí a bhaineann le Todhchaí na hÉireann ar fud an oileáin. - YouTube

Faoi láthair, tá beagnach 200 aighneacht faighte ag an gCoimisiún ó réimse leathan daoine aonair agus grúpaí leasmhara.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir tuairimí a chur in iúl fós don Choimisiún ag [commission@sinnfein.ie](mailto:commission@sinnfein.ie) nó tríd an leathanach gréasáin seo a leanas [www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Tionóladh an deichiú Tionól Pobail sa Chrómpán ar an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe ar an 27 Samhain agus foilseofar tuairisc go luath.

Beidh an chéad Tionól Pobail eile in Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach ar an 22 Feabhra 2024.

An tseachtain dár gcionn beidh Tionól Pobail ar an 27 Feabhra 2024 ar an tSraith Bán, Co. Thír Eoghain.

# RÉAMHRÁ

Ag tús na hócáide, dúirt Comhairleoir Cathrach Shinn Féin i bPort Láirge, an Comhairleoir Joanne Bailey, gurb é Tionól Pobail Phort Láirge an naoú ócáid dá leithéid a bhí ar siúl ar fud na tíre. Chuir sí David Cullinane in aithne chun an t-aitheasc tosaigh a thabhairt.

## Aitheasc Tosaigh le David Cullinane TD

Is léiriú arís eile é sibh a bheith anseo tráthnóna ar an móiminteam atá ag dul i méid sa chomhrá faoi thodhchaí na hÉireann.

“Buailimid le chéile chun na deiseanna atá ann do Phort Láirge in Éirinn nua aontaithe a fhiosrú.

“Ní bhainfear na deiseanna sin amach ach amháin tríd rannpháirtíocht is iomláine agus is féidir ó shaoránaigh atá tiomanta do na hathruithe bunúsacha is gá chun comhionannas agus comhtháthú sóisialta, cearta agus seirbhísí poiblí a bhaint amach.



“Tá go leor den bhéim ar chomhrá Aontacht na hÉireann dírithe ar an Tuaisceart. Teastaíonn Aontacht na hÉireann ó mhuintir Phort Láirge chomh mór céanna le muintir Dhoire. Is sochaí an-éagothrom é stát an Deiscirt. Tá sé tugtha le fios ag Oxfam Ireland go bhfuil an 1% is saibhre den daonra tar éis 70 oiread níos mó saibhris a chnardh ná an 50 faoin gcéad is ísle ó 2012.

“Ar feadh na mblianta bhí an Stát ag brath ar eisimirce chun ruaig a chur ar dhaoine dífhostaithe, caitheadh go huafásach le mná, mionlach coimeádach a bhí i gceannas ar Neachtlanna Mhaigdiléana agus institiúidí eile.

“Ar an dea-uair, tá athrú tagtha ar go leor do seo ach tá easpa seirbhísí poiblí ann go fóill, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne, cúram sláinte, cúram leanaí srl.

“Ní timpiste ar bith é gur mhair an t-éiteas coimeádach seo, atá á chur i bhfeidhm ag Fianna Fáil agus Fine Gael, chomh fada sin.

“Tugann deireadh na Críochdheighilte deis dúinn athailíniú iomlán a dhéanamh ar pholaitíocht na hÉireann agus tiocfaidh páirtithe ar an eite chlé / dheis chun cinn dá bharr. Den chéad uair riamh beidh deis ag an eite chlé na cuspóirí atá i bhForógra 1916 a bhaint amach.

“Caithfidh cearta saoránach a bheith i gcroílár na hÉireann nua. Cuireann deireadh leis an gcríochdheighilt agus athaontú na hÉireann deis ar fáil chun sochaí nua a fhorbairt. Is am tábhachtach é seo chun todhchaí na hÉireann a mhúnlú. Is am spreagúil agus dearfach é.

“Tugann Tionól Pobail Phort Láirge deis freisin aird a tharraingt ar na saincheistanna reatha atá ag daoine atá ina gcónaí sa chontae agus ar an dóigh a bhféadfadh socrú bunreachtúil difriúil an deis a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt air seo agus leas breise a bhaint as acmhainneacht Phort Láirge.

“Ba cheart breathnú ar cheistanna ar nós easpa post, tithíochta, infreastruchtúir, turasóireachta, oideachais, cúraim shláinte srl. Chomh maith leis an bhféidearthacht, in Éirinn aontaithe nua le geilleagar níos láidre, aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna seo.

“Tá scéalta rathúla den scoth i bPort Láirge agus tá go leor a bhaineann leis an gcontae ina ábhar mórtais. Is léiriú é na baill ar an bpainéal anseo anocht ar na scéalta rathúla sin agus táim ag súil go mór lena léargais agus go deimhin leis an méid a bheidh le rá ag an lucht féachana.

“Tá féidearthacht ollmhór ann go ndéanfar tuilleadh forbartha ar Phort

Láirge, agus go deimhin ar an tír, in Éirinn aontaithe nua. Sin an fáth go bhfuilimid anseo anocht – leanúint leis an gcomhrá sin agus pleanáil don todhchaí.

“Tá athrú bunreachtúil anois ina ghné lárnach den saol polaitiúil. Ar ndóigh, ní hionann sin agus a rá gur cinnte go mbeidh Éire Aontaithe ann, ach tá an plé anois chun tosaigh inár ndioscúrsa polaitiúil.

“Níor cheart gur ócáid aonuaire é Tionól Pobail Phort Láirge agus ba cheart gach iarracht a dhéanamh leanúint leis an gcomhrá. Baineann sé seo le cead cainte a thabhairt do dhaoine. Ba mhaith linn rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chomhrá sin faoinár saol comhroinnte amach anseo.

“Tá comhráite ag tarlú ar fud na tíre – san ionad oibre, inár n-ollscoileanna, ag ócáidí spóirt agus ag geataí na scoile. Tá daoine ag caint agus tá athrú á éileamh acu.

“Tá cás láidir ann anois ag rialtas na hÉireann Tionól Saoránach a bhunú ar athrú bunreachtúil. Tá ról tábhachtach le himirt ag Tionól Saoránach maidir leis an mbunobair a ullmhú roimh reifreann aontachta.

“Is am spreagúil é seo dúinn go léir; lán le deiseanna agus dóchas do shaol níos fearr amach anseo. Sin an fáth go gcaithfidimid é a chur ina cheart. Tíocfaidh daonlathas náisiúnta bunreachtúil nua chun cinn mar thoradh ar aistriú céimnithe. Agus sin é an fáth gur chóir tús a chur le pleanáil agus ullmhúchán córasach anois.

“Ba cheart go mbeadh an gnáthphobal páirteach ag tús an phróisis sin, ní ag an deireadh. Is éard atá i gceist leis na Tionóil seo ná iarraidh ar dhaoine atá ag obair, ar cheardchumannaithe, ar úinéirí gnó, ar ghníomhaithe pobail, ar mhná, ar an óige, ar an bpobal LADTA, ar Ghaeilgeoirí, ar acadóirí, ar ionadaithe ónár bpobail nua, agus ar dhaoine eile, teacht le chéile, agus a dtuairimí a chur in iúl faoin bpróiseas athraithe.

“Is é an dúshlán comhroinnte atá romhainn ná saol a chruthú amach anseo ina gcuirfear fáilteach roimh gach duine. Agus ciallaíonn sé sin na ceisteanna atá á gcur faoi Éirinn aontaithe a chur agus a fhreagairt.

An féidir linn seirbhísí poiblí, pinsin a chosaint, agus poist mhaithe agus pá maith leo a chruthú? An féidir linn seirbhís sláinte náisiúnta Éireannach a chruthú? Creidim gur féidir linn.

“An féidir linn socruithe agus struchtúir nua bhunreachtúla, dhaonlathacha a phlé agus a chomhaontú nach bhfágfaidh aon duine ar lár? Cinnte.

“An féidir linn dul i ngleic leis an seicteachas, agus céim nua a ghlacadh sa phróiseas síochána, bunaithe ar athmhuintearas agus téarnamh? Is é an freagra is féidir linn, agus ní mór dúinn.

“Tá freagracht orainn labhairt le hAontachtaithe agus a chur in iúl dóibh siúd atá ar son an aontais leis an mBreatain go bhfuil bealach níos fearr ann.

“Is é Aontacht na hÉireann an bealach ar ais isteach san Aontas Eorpach freisin.

“Caithfidhne, atá ag dréim le hÉirinn aontaithe an spás a chruthú sa chomhrá seo dóibh siúd nach n-aontaíonn linn, nó a dteastaíonn athdhearbhú uathu.



“Creidim go bhfuil an cumas, an ghaois agus an chomhbhá againn chun tús a chur go daonlathach le pleanáil don fhéinchinntiúchán, don athrú bunreachtúil, don athaontú agus don athmhuintearas náisiúnta.

“Is fiú meas a léiriú ar gach smaoineamh agus ábhar imní. Ba chóir dúinn a bheith éisteacht le gach guth.

“Is é seo an t-am le haghaidh pleanála, agus chun dul i ngleic lena chéile. Tá sé in am síolta an dóchais agus an mhisnigh a chur. Is am é chun náisiún a thógáil. Am le haghaidh flaithiúlachta agus lámha an chairdis a chur amach.

“Tréimhse inar féidir linn a chruthú le chéile. Go raibh maith agaibh.”

**I ndiaidh ráiteas an Teachta Cullinane labhairt an Cathaoirleach neamhspleách Liz Reddy a chuir an painéal in aithne agus a chuir tús leis an gcomhrá tríd an gceist a chur; “Cad é todhchaí na hÉireann.”**

## **Todhchaí na hÉireann**

Dúirt John Halligan leis an Tionól go raibh creat daonlathach i bhfeidhm anois a cheadódh do gach duine vótáil ar son Éireann Aontaithe.

Maidir le difríochtaí idir an Tuaisceart agus an Deisceart ó thaobh caighdeáin mhaireachtála agus cosúlachtaí maidir le saincheistanna sóisialta a théann i bhfeidhm ar dhaoine den aicme oibre, leag Halligan béim ar an tábhacht a bhaineann le Protastúnaigh, Caitlicigh, An Eite Dheis agus an Eite Chlé a aontú chun Éire Aontaithe rathúil a thógáil.

“Ó thaobh na tíreolaíochta agus na staire de, is tír amháin í Éire” a dúirt Halligan. Dhiúltaigh sé le déanaí don ráiteas ó cheannaire Pháirtí Lucht Oibre na Breataine nach raibh Éire Aontaithe “ar na bacáin” agus dúirt sé go raibh faitíos air go bpléifí go hoscailte an seans go mbeadh aontacht na hÉireann i gciorcail áirithe, na meáin san áireamh, agus go raibh claonadh ann an chríochdheighilt a threisiú.

Dúirt Irial Mac Murchú leo siúd a bhí i láthair gur buntáiste mór eacnamaíochta a bheadh in Aontacht na hÉireann. Dúirt sé gur léirigh an Breatimeacht an chontúirt a bhaineann le heaspa planála tromchúisí i dtreo athrú suntasach polaitiúil. Dúirt sé gur cheart ceachtanna a fhoghlaim uaidh sin. Thug sé le fios gur fiú €10 mbilliún trádáil trasteorann anois, ach fiche bliain ó shin gur €3 billiún a bhí i gceist. Dúirt sé freisin go raibh pobalbhreith faoin teorainn dosheachanta ach go raibh gá le plan soiléir gonta maidir leis an dóigh chun an tír a aontú.





## Plean Gnó d'Aontacht na hÉireann

Díríodh an plé sa seisiún seo ar chruth na seirbhísí tithíochta agus sláinte in Éirinn nua. Dúirt Catherine Ní Fhaoláin go mbeadh sé amaideach gan ullmhú anois d'Éirinn Aontaithe amach anseo agus go raibh sé tábhachtach an méid a bhí le rá ag gach duine a chloisteáil. Dúirt sí gur fiú go mór idéil Fhorógra 1916, go háirithe maidir le comhionannas, a bhaint amach. Tá siad seo, a dúirt sí, fite fuaite leis an oideachas: “Teastaíonn tearmann ar gach páiste gus rochtain saor in aisce ar dhochtúir teaghlaigh chun go mbeidh siad in ann déanamh go maith ar scoil.”

Dúirt Ní Fhaoláin go raibh sé de dhualgas ar an nglúin seo plé a dhéanamh ar an dóigh a ndéileálfáí leis na ceisteanna seo in Éirinn nua ionas go bhfágfaí tír agus sochaí níos fearr dár bpáistí agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh. Maidir le costas a bhainfeadh le hÉirinn Aontaithe, dúirt sí gur cheart go mbeadh an cheist i ndáiríre faoi cé mhéad a chosnóidh sé gan an tír a aontú.

Tá idirphlé leis na haontachtaithe maidir lena riachtanais eacnamaíocha riachtanach. Níl a fhios ag daoine i bPort Láirge céard atá ag teastáil nó ag teastáil ó aontachtaithe, mar sin caithfidimid éisteacht go díreach leo, a dúirt sí.

Dúirt Catherine Ní Fhaoláin chomh maith nár ghá go mbeadh ceist na féiniúlachta cinntithe ag an tír ina bhfuil cónaí ar dhuine. Mar leas-phríomhoide ar Bhunscoil Mount Sion - ceann de na scoileanna is ilghnéithí sa tír - oibríonn Ní Fhaoláin le páistí a labhraíonn 38 teanga éagsúil. Is deis iontach í an éagsúlacht seo, a dúirt sí.

Dúirt Irial Mac Murchú go raibh go leor gnó déanta aige sa Tuaisceart agus go raibh na daoine gnó ar labhair sé leo go mór i bhfabhar reifreann aontachta. Chreid sé go vótálfadh tromlach na ndaoine sin 'Tá' in imeacht mar nach bhfeiceann siad todhchaí mar chuid den Ríocht Aontaithe.

Dúirt Mac Murchú freisin nach bhfuair an Tuaisceart dóthain clúdach sna meáin sa Deisceart agus nach raibh sé sin ina chuidiú don chuspóir foriomlán an todhchaí a phleanáil le chéile.



## Tionól Saoránach ar aontacht na hÉireann?

Mheas John Halligan gur cheart go mbeadh Tionól Saoránach ann maidir le hAontacht na hÉireann ach creideann sé nach dtionólfadh ach rialtas de chuid Shinn Féin ceann. Bhí teachtaireacht ag Halligan do Shinn Féin - téann daoine isteach sa pholaitíocht le dea-intinn, ach tá an chumhacht cheart ag na státseirbhísigh shinsearacha. Deir sé go bhfuil 13,500 bainisteoir san HSE amháin. Níl córas chomh trom sin ag aon tír eile. San Eastóin, sa Laitvia agus i dtíortha eile dá samhail, is féidir leat dochtúir nó comhairleoir a fheiceáil ag an deireadh seachtaine, ach ní in Éirinn.

Mar sin, ní mór do Shinn Féin na bunchearta seo a bhaint amach do dhaoine agus na leasanna dílsithe a ghlacadh chucu féin. Caithfidh ‘tús nua’ a bheith ann.

Creideann Catherine Ní Fhaoláin go bhféadfadh a leithéid de ‘thús nua’ tarlú in Éirinn aontaithe. Mheas sí gur cheart d’Éirinn an leas is fearr a bhaint as smaointe ón Tuaisceart agus ón Deisceart araon. Gur cheart buntáistí agus míbhuntáistí chórais a chéile a fhiosrú trí idirphlé.

Chuir Ní Fhaoláin fis de chúram príomhúil pobalbhunaithe don mheabhairshláinte chun cinn i ngach cuid d’Éirinn aontaithe. Cuirfidh deireadh leis an gcríochdheighilt athinsint ar an dóigh a mbreathnóimid ar na ceisteanna seo ar fad, a dúirt sí.

Labhair David Fallon, a bhí sa lucht féachana, gur chuir in iúl gur chóir go mbeadh Tionól Saoránach faoi lán seoil agus ag cur leis gur féidir leis an spórt a bheith ina fhachtóir aontaithe. Is sampla den scoth é saothrú fhoireann rugbaí na hÉireann, agus tá siad ag tabhairt an-dóchais do dhaoine thuaidh agus theas.

Dúirt Irial Mac Murchú go raibh sé sa Ghearmáin le linn an aontú agus nach raibh an t-atmaisféar cosúil le haon cheann eile, thug sé dóchas dó d’Éirinn.



## Ceisteanna agus ionchur ón lucht féachana

Dúirt Davy Lane, Uachtarán Chomhairle na gCeardchumann i bPort Láirge go bhfuil go leor ceardchumann eagraithe cheana féin ar bhonn uile-Éireann. Caithfidh na ceardchumann a dtuairimí a chur in iúl agus Éire nua á pleanáil acu, agus in aon Tionól Saoránach. Dúirt sé gurb í Éire an t-aon stát san AE gan Cairt Shóisialta Bhunúsach um Chearta Oibrithe; agus go gcaithfear é sin a chur ina cheart in Éirinn aontaithe.

Dúirt John Hayes, a bhfuil cónaí air i bPort Láirge agus a bhfuil seal caite aige ina chónaí le Meiriceánaigh dhúchasacha, le muintir na Sile, agus pobail éagsúla eile ar fud an domhain, gur bhraith sé go dteastaíonn athrú ó mhuintir na hÉireann, agus gur ceist í Aontacht nah Éireann a bhaineann le muinín a chothú.

Dúirt Regina nach dtuairiscíonn go leor de mheáin an Deiscirt ar imeachtaí sa Tuaisceart, agus a mhalairt. Mar thoradh air seo tá aineolas sa dá dhlíne faoin gceann eile. Tá dualgas ar iriseoirí agus ar na meáin labhairt go gníomhach faoi Éirinn aontaithe agus an plé a stiúradh amach as an seomra agus isteach i gcomhfhios an phobail i gcoitinne.

Dúirt Michéal Ó hUallacháin go mbeadh ionchur ón AE ríthábhachtach agus Éire aontaithe a fhorbairt.

Thug Irial Mac Murchú le fios go rachadh an Tuaisceart isteach san Aontas Eorpach arís go huathoibríoch sa chás go mbeadh Éire aontaithe ann agus go raibh fadbhreathnaitheacht pholaitiúil léirithe ag an Rialtas lena n-áirítear é sin sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Dúirt Mac Murchú freisin go raibh dualgas ar Rialtas na Breataine agus ar an AE idirthréimhse a mhaoiniú, mar a rinne an dara ceann leis an nGearmáin.

Dúirt sé go raibh cás na Gearmáine beagáinín difriúil. Ní raibh mórán ama le hullmhú i bhfianaise luas tapa na n-imeachtaí a tharla tar éis titim Bhalla Bheirlín i 1989. Ní raibh an tír roinnte ach ar feadh 50 bliain, mar sin bhí an bhearna agus an t-achar mothúchánach idir an dá chuid i bhfad níos lú ná an bhearna idir an Tuaisceart agus Deisceart na hÉireann.

Mar sin féin, bhí tacaíocht an Aontais, go háirithe tacaíocht airgeadais, ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfí athaontú na Gearmáine i gcrích go rathúil.

Tá dualgas ar Rialtas na Breataine cinneadh vótóirí an Tuaiscirt a chur i bhfeidhm má thugann siad tacaíocht d'Éirinn aontaithe agus tá tacaíocht airgid i gceist leis sin freisin.

Tá an Deisceart sách rathúil freisin, mar sin níl ceist na hinacmhainne chomh deacair sin.

Cé go bhfuil borradh faoi gheilleagar na hÉireann, is fíor freisin nach bhfuil tionchar dearfach aige seo ar gach duine.

Faoin mbliain 2050 beidh 10 milliún duine ina gcónaí ar oileán na hÉireann. Daonra óg agus éagsúil a bheidh ann. Tá acmhainneacht ollmhór ag Éirinn aontaithe do na daoine seo, mar sin caithfear an plean a mhúnlú chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Leag ball amháin ón lucht féachana béim ar an ngá atá le comhtháthú sláinte agus oideachais i gcás Éireann Aontaithe.

Agus ceist á freagairt aici faoi amhráin atá i bhfách le hÓglaigh na hÉireann, dúirt Catherine Ní Fhaoláin go bhfuil daoine i dteideal ardspiorad agus léiriú mothúchánach ach gur comhrá tromchúiseach a bheidh ann do mhuintir na hÉireann ar fad agus go bhfuil gach duine i dteideal a dtuairimí a fháil.

Dúirt sí go gcaithfí córais oideachais, Thuaidh agus Theas, a chumasc i gcás aontachta agus gur cheart na gnéithe is láidre ón dá chóras a chur san áireamh. Ba cheart an rud céanna a bheith i bhfeidhm maidir leis an gcóras cúraim sláinte.

D'ardaigh Aoife Mitchell ceist an chreimthe ar chearta oibríthe sa Deisceart le blianta fada. Ní mór d'oibríthe agus do cheardchumann ionchur bailí a bheith acu in ullmhú agus i bpleanáil d'Éirinn aontaithe. Bhí faitíos uirthi go ndéanfaidh gnó mór Éire nua a mhúnlú ar mhaithe leo féin chun aimhleasa na n-oibríthe.



Dúirt Tom Ford go gcaithfidimid foghlaim ó ghluaiseacht Neamhspleáchas na hAlban. Dúirt sé go gcaithfidimid smaoinemh ar an dóigh a mbeadh siombailí agus suaitheantais éagsúla san aontacht.

Dúirt sé go mbeadh Éire aontaithe ina lóchrann dóchais don domhan mór agus dóibh siúd atá ag lorg saoirse in áiteanna eile.

Léirigh Irial Mac Murchú inní faoin dóigh a reáchtáiltear an stát, ar staid na seirbhíse sláinte, ar thograí ar nós an mheitreo Thuaidh, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda, bóithre, uisce, cumhacht, infreastruchtúr agus seirbhísí agus an dóigh nach gcoinnítear aon duine freagrach as tograí dá leithéid atá ag rith go mór thar bhuiséad. Bhí inní ann faoin easpa cultúir cuntasachta.

Dúirt Mac Murchú go bhfuil seirbhísí níos fearr agus caighdeán maireachtála tuillte ag cáiníocóirí. Ní raibh freagra na bhfadhbanna sin aige, ach mhothaigh sé gur cheart dúinn breathnú ar thíortha eile le haghaidh inspioráide.

Mar fhreagra ar an méid a rinne bean a bhí buartha faoi Éirinn nua a bheith ina poblacht ‘pholaiteoirí’, dúirt Catherine Ní Fhaoláin go bhfuil gá le hathrú idé-eolaíoch i stát nua, mar sin gur chóir dúinn a bheith ag lorg smaointe nua seachas polaiteoirí nua a bheith riachtanach. Is féidir leis an nglúin óg go leor a thabhairt chun boird maidir leis seo.

D’fhiafraigh Ismail, ball den lucht féachana, an dtabharfaí tús áite don chomhionannas in Éirinn aontaithe agus leag sé béim ar cheisteanna a bhaineann le tearcfhostaíocht. Mar iar-mhac léinn in WIT, fuair sé deacair obair fhiúntach a fháil in ainneoin a cháilíochta.

Dúirt duine eile den lucht féachana go raibh Éire ag éirí níos iolraí agus go bhfuil sé an-tábhachtach caitheamh leo siúd de náisiúntacht éagsúil agus muid ag caitheamh leo siúd atá dúchasach d’Éirinn. Léireodh sé sin d’Aontachtaithe freisin go mbeidh meas orthu in Éirinn Aontaithe.

Dúirt roinnt daoine sa lucht féachana go raibh an oiread sin i gcoiteann idir náisiúnaithe Éireannacha agus aontachtaithe agus go raibh níos mó acu chun muid a aontú ná muid a roinnt.

## Conclúid

D'éirigh go hiontach le Tionól Pobail Phort Láirge. D'fhreastail beagnach 200 duine ar an gcomhdháil in Óstán an Tower i bPort Láirge. Mhair an plé ar feadh dhá uair an chloig agus comhrá suimiúil a bhí ann faoi thodhchaí na hÉireann.

Ag deireadh an chruinnithe thacaigh an halla pacáilte d'aon ghuth leis an éileamh go reáchtálfadh rialtas na hÉireann Tionól Saoránach chun tús a chur leis an obair phleanála don reifreann aontachta atá mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Bhí ról uathúil agus tábhachtach ag Tionóil Saoránach le deich mbliana anuas chun cabhrú le sochaí na hÉireann a athbheochan. Luíonn sé le ciall go mbeadh Tionól Saoránach mar chuid dár dtodhchaí a mhúnlú.

I measc na dtuairimí a cuireadh in iúl bhí drochthionchar na críochdheighilte ar Phort Láirge agus ar gheilleagar an deiscirt; an buntáiste a bhaineann le seirbhís sláinte uile-oileáin aonair a thógáil arna maoiniú ag cánachas díreach; an damáiste a bhí mar thoradh ar an mBreatimeacht; dul i dteagmháil leis an bpobal Protastúnach/aontachtach, agus an géarghá atá le hÉirinn nua a chruthú a chuimsíonn gach duine ar bhonn comhionannais agus measa.

Le blianta beaga anuas tá fás suntasach tagtha ar an trádáil Thuaidh/Theas atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainneacht ollmhór eacnamaíoch is féidir le haon





AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA HÉIREANN  
TIONÓL DAOINE PHORT LÁIRGE

